Níl gné dhearfach ag baint le gach rud sa timpeallacht sheachtrach. Má tharlaíonn aon chúlú mór sa gheilleagar domhanda déanfaidh sé dochar d'Éirinn. Nil sé soiléir fós céin éifeacht a bheidh ag forbairt ag leibhéal an AE le déanaí, mar shampla Aontas Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus an margadh aonair. Ón mbliain 2000 amach, ní bheidh an oiread céanna cistí struchtúrtha le fáil ag Éirinn. Tá fadhbanna nua ag teacht chun cinn cheana de thoradh bhorradh an gheilleagair anseo. Mar shampla, tá baol ann go leathnófar na difríochtaí tuillimh agus ioncaim idir daoine saibhre agus daoine bochta agus lagóidh sé sin an dlúthpháirtíocht shóisialta. D'fhéadfadh sé go bhfuil an tsochaí ag éiri níos adamhaithe agus níos indibhidiúlaithe agus is ábhar imní na comharthaí atá ann de chlaonadh chun an milleán a fhágáil ar a lán daoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaíne agus chun idirdhealú a dhéanamh idir na bochta "tuillteanacha" agus na bochta "neamhthuillteanacha". Tá rochtain ar thithíocht ag éiri níos tábhactaí mar ghné den bhochtaíneanois.

Léiríonn an t-ardú ar úinéireacht gluaisteán laigí móra sa chóras iompair poiblí. Tá grúpaí nua faoi bhagairt anois, mar atá dídeanaithe agus daoine ar lorg tearmainn. Ina theannta sin, tá comharthaí ann go bhfuil fás ag teacht ar éadulaingt agus ar chiníochas, tá ceisteanna a bhaineann leis an timpeallacht agus le forbairt inchothaithe ag teacht chun cinn go minic agus, cé go rachaidh na nithe sin i bhfeidhm ar gach duine, beidh tionchar ar leith acu ar dhaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaíne. Méadaíonn na nithe go léir-thuas tábhacth na Gníomhaireachta i dtaca le tuiscint níos forleithne, agus sainmhíniú, ar bhochtaíne agus ar eisiamh sóisialta a chur chun cinn seachas i gcomhthéacs

eisiamh ón margadh saothair agus ó dheiseanna fostáochta. Méadaíonn sé an gá don Gníomhaireacht iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar réimse leathan beart polasaí.

Ról Straitéiseach

Gníomhaireacht measartha beag atá sa Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine agus, ionas go bhfeidhmeoidh sí go héifeachtach, ní mór di ról an-straitéiseach a bheith aici. Ionad sainiúil atá sa Gníomhaireacht a bhíonn ag plé le cursaí bochtaine agus forbairt phobail agus feidhmíonn sí mar spreagthóir le haghaidh athraithe. Sa chál sin, déanann sí iarracht tionchar a imirt ar pholasáil poiblí agus ar thacaíocht poiblí do bhearta i leith bochtaine.

D'fhoínn an tionchar is mó is féidir a bhaint amach, ní mór don Gníomhaireacht oibriú in éineacht le dreamanna eile agus trí dhreamanna eile. Is mian léi, ach go háirithe, oibriú leis an bpróiseas polaitíochta agus leis an earnáil phobail agus dheonach d'fhoínn na ról atá acu a forbairt maidir le comhrac i gcoinne bochtaine.

Creideann an Gníomhaíochta, ó tharla go bhfuil geilleagar na hÉireann ag leathnú go tapa, go bhfuil an tsíocháin á forbairt, go bhfuil réamh-mheastacháin fhabhracha déimeagrafacha ann agus gur athbhunaíodh an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaíne, go bhfuil deis iontach ann chun dul chun cinn mór a dhéanamh maidir le cosc agus deireadh a chur le bochtaine. Sa phlean seo, tugtar achoimre ar conas a bheartaíonn an Gníomhaireacht an leas is fearr a bhaint as an deis seo sna trí bliana atá díreach romhainn.

RÁITEAS MISIN

AIDHM

Is é aidhm na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaine ná sochaí níos cothroime agus níos uilechuimsíthí a chur chun cinn trí oibriú chun cosc agus deireadh a chur le bochtaine agus eisiamh sóisialta.¹

Baineann an Ghníomhaireacht an aidhm sin amach trí na ceithre príomhchuspóirí atá leagtha amach san Acht um Gníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, 1986: comhairle pholasáí, tacaíocht tionscadal agus nuáil; taighde; agus oideachas poiblí.

Buntuisintí

Chun aidhm na Gníomhaireachta a bhaint amach oibríonn sí de réir na dtuiscintí seo a leanas:

- Is fadhb struchtúrtha i an bhochtaine i sochaí na hÉireann. Tá polasaithe agus cláir náisiúnta agus áitiúla thar a bheith tábhachtach i dtaca le deireadh a chur le bochtaine.
- Is bunriachtanas é, i dtaca le comhrac i gcoinne bochtaine, laghdú a dhéanamh ar éagothroime agus athdháileadh acmhainní agus deiseanna.
- D'fhoinn dul i ngleic le bochtaine go héifeachtach, is gó ról, cumhacht agus ionadaíocht a bheith ag na daoine a bhfuil bochtaine ag dul i bhfeidhm orthu.
- Le go mbeidh polasaithe agus cláir frithbhochtaine éifeachtach, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh compháirtíocht ann idir an rialtas agus na compháirtithe sóisialta, ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal áitiúil araon.

- Chun dul i ngleic le bochtaine ní mór cur chun cinn a dhéanamh i dtaca le cearta sóisialta do gach uile dhuine.
- Is ceart go mbeadh polasaithe agus cláir chun dul i ngleic le bochtaine agus chun forbairt inchothaithe² a chur chun cinn comhlántach.
- Tá gá le polasaithe agus le cláir ag leibhéal Eorpach chun comhlánú a dhéanamh ar pholasaithe áitiúla agus náisiúnta chun dul i ngleic le bochtaine agus eisiamh sóisialta.

CUSPOIRÍ TÁBHACHTACHA

Le linn na tréimhse 1999 - 2001 déanfaidh an Ghníomhaireacht iarracht chun dul i bheidhm ar pholasáí poiblí i bhfabhar na ndaoine sin atá ag maireachtáil faoi bhochtaine. Déanfaidh sí amhlaidh trína feidhmeanna reachtúla, is é sin le rá comhairle a thabhairt don Aire Gnótháí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh, tacaíocht tionscadal agus nuáil, taighde agus oideachas poiblí. Sa tréimhse lena mbaineann, leagfar béim ar na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- A chinntíú go mbeidh dul chun cinn suntasach déanta ag an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaine i dtaca le bochtaine a laghdú agus a chosc.
- An bhearna a chungú idir daoine saibhre agus daoine bochta trí dáileadh acmhainní, seirbhísí agus fostafocanta níos cothroime a chur chun cinn i bhfabhar daoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaine.
- Polasai poiblí, atá pleanálte agus comhtháite, a bhaint amach i dtaca le bochtaine i measc leanai.
- An deis a chuireann an tsíocháin ar fáil a fhobairt d'fhoinn daonlathas níos cuimsíthí a thugann ról do gach duine a thógáil ar an oiléán seo.

Ina theannta sin, tabharfaidh an Ghníomhaireacht aird ar leith ar neartú agus forbairt a dhéanamh i leith a cumas eagrúcháin, airgeadais, teicniúil agus acmhainní daonna d'fhoinn a cuspóirí a bhaint amach.

CUSPOIRÍ

1 , 2 , 3 , 4



1. Baineann eisiamh sóisialta le struchtúr agus próisis eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus dlí a eisíann daoine nó grúpaí ó pháirteachas agus lánpáirtíochta sa tsochaí.
2. Baineann forbairt inchothaithe le forbairt a threastalaíonn ar riachtanais an duine ach, ag an am céanna, a chosnaíonn cumas an dúlra chun athnuachan a dhéanamh air féin.

CUSPOIR 1

A chinntiú go mbeidh dul chun cinn suntasach déanta ag an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaíne (SNF) i dtaca le bochtaine a laghdú.

Bainfear an cuspóir seo amach trí na spriocanna seo a leanas:

Sprioc 1:

Go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht, d'fhonn forbairt agus neartú a dhéanamh ar an SNF agus ar pholasai poiblí i leith dul i ngleic le bochtaine, measúnú, sonraí taighde agus anailís polasaí a chur chun cinn agus a úsáid.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- tabhairt faoi measúnú leanúnach ar SNF
- measúnachtaí bliantúla a ullmhú agus a fhoilsiú i ndáil le SNF lena n-áirítear dul chun cinn ar spriocanna láithreacha
- comhaontú a fháil maidir le spriocanna athbhreithnithe agus breise
- tacú le bailliú agus anailís rialta sonraí nua agus úsáid foinsí sonraí tánaisteacha a aithint agus a chur chun cinn
- línórú agus comhghuailliochtaí straitéiseacha a fhoirmíú leis an bpobal acadúil agus taighde, agus taighde iarchéime ar bhochtaine a chur chun cinn
- tacú le páirteachas na hearnála frithbhochtaíne i ndearadh suirbhéireachtal náisiúnta bochtaine.

Sprioc 2:

Go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht forbairt ar chur i bhfeidhm promhadh bochtaine³ ar pholasai poiblí agus go dtacóidh sí leis sin.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- cabhrú le hAonad SNF agus leis an gCoiste Polasaí Idir-Roinne chun forbairt a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach i dtaca le promhadh bochtaine
- a chinntiú go ndéantar promhadh bochtaine ar aon chomhaontú comhpháirtíochta nua⁴ le linn an phróisis deártha agus feidhmithe
- aighneachtaí a dhéanamh maidir le Páipéir Uaine ionchúi, chuig coimisiún rialtais, chuig gasraí oibre etc. lena chinntiú go gcuirtear gné profa bochtaine san áireamh.

Sprioc 3:

Go dtabharfaidh an Ghníomhaireacht cabhair i dtaca le cumas rialtais áitiúil chun dul i ngleic le bochtaine a neartú mar chuid den phróiseas leathan a ghabhann le hathchóiriú rialtais áitiúil.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- eolas a mhéadú faoi SNF agus faoi phromhadh bochtaine agus oibriú in éineacht le húdaráis áitiúla, agus cabhrú leo, na cleachtais lena mbaineann a thabhairt isteach ina bpolasai agus ina gcleachtais féin
- obair i gcomhar le húdaráis áitiúla chun deachleachta a fhorbairt maidir le ról a thabhairt don earnáil phobail agus dheonach
- obair i gcomhar le líon beag údarás áitiúil, lena n-áirítear roinnt diobh ó na contaetha teorann, chun straitéisí frithbhochtaíne rialtais áitiúil a thríail agus leas a bhaint as taithí atá faigthe i mBallstáit AE eile
- obair a dhéanamh lena chinntiú go dtugann comhtháthú ar fhorbairt áitiúil agus rialtas áitiúil

ardtosáfocht do dhul i ngleic le dlúthphointí áitiúla bochtaine agus eisíojimh shóisialta agus do chur chun cinn forbartha pobail mar mhodh chun dul i ngleic le bochtaine.

- malairtí foghlama trasnáisiúnta a chur chun cinn maidir le bearta áitiúla a chónascadh le polasaí náisiúnta i gcomhthéacs forbairtí AE le déanaí i ndáil le dul i ngleic le heisiamh sóisialta

- lónra-chlár frithbhochtaíne náisiúnta a chur ar bun ar clár é a bheadh inchothaithe éifeachtach

- ag tacú le hionadafocht don earnáil phobail agus dheonach sna príomh-fhóraim náisiúnta.⁵

Sprioc 4:

Go rachaidh an Ghníomhaireacht i bhfeidhm ar pholasai agus chleachtais rialtais, agus go gcuirfidh sí feabhas orthu, a mhéid a bhaineann le páirteachas na hearnála pobail agus deonáil sna hiarrachtaí chun dul i ngleic le bochtaine.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- cabhrú le forbairt agus feidhmiú an pháipéir bháin⁶ ar an gcaidreamh idir an earnáil reachtúil agus an earnáil dheonach
- comhairle a thabhairt don Roinn Gnóthai Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh faoina Clár Forbartha Pobail
- tionchar a imirt ar pholasai agus chleachtais rialtais agus ról a thabhairt don earnáil phobail agus dheonach sa phróiseas déanta polasaí go háirithe i dtaca le SNF.

Sprioc 5:

Go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht tuilleadh forbartha ar chumas na hearnála pobail agus deonáil chun cabhair a thabhairt san obair a ghabhann le polasaithe a fhorbairt maidir le dul i ngleic le bochtaine.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- clár a fhorbairt maidir le tionchar a imirt ar pholasai
- clár faoi pholasai drugaí na Gníomhaireachta a thabhairt i gcrích agus foghlaim pholasai, de thoradh an chláir, a chur chun cinn

Sprioc 6:

Go mbeidh obair déanta ag an nGníomhaireacht sna réimsí seo a leanas: eolas a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne faoi SNF; agus neartú ceart sóisialta agus eacnamafochta.⁷

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- comhairle agus tacafocht a thabhairt do Choiste Polasaí Idir-Roinne SNF, d'Aonad SNF agus do ranna rialtais i dtaobh straitéisí scapthe eolais don phobal i gcoitinne, ar straitéisí iad a chuireann SNF chun cinn
- méadú a dhéanamh ar eolas faoi SNF i mBallstáit AE eile
- suntas a thabhairt do na naisc idir cearta sóisialta agus eacnamafochta agus bochtaine agus do na tairbhí a bhaineann le taca a thabhairt do na cearta sin sa Bhunreacht agus i reachtafocht.

3. Baineann promhadh bochtaine le cinneadh Rialtais i 1998 á rá gur ceart scrúdú a dhéanamh ar gach clár agus polasaí, ag na céimeanna deártha agus athbhreithnithe, lena fháil amach cén tionchar a bheidh acu ar laghdú bochtaine.

4. Baineann sé seo le comhaontuithe, faoi chórúil pá, cáinachais agus ceisteanna eile eacnamafochta agus sóisialta, idir an Rialtas, ceardchumainn, fostóirí, leasanna feirmeoireachta agus an earnáil phobail agus dheonach.

5. Sa bhliain 1997 foilsíodh plé-dhoiciméad dar teideal *Supporting Voluntary Activity, A Green Paper on the Community and Voluntary Sector and its Relationship with the State*. Tá Páipéir Bán, is é sin ráiteas ar pholasai Rialtais, a ullmhú faoi láthair maidir leis an ábhar seo.

6. Baineann sé seo le hinstitiúid lábhachtacha do pholasai náisiúnta eacnamafochta agus sóisialta, mar shampla an Chomhairle Náisiúnta Eacnamafochta agus Sóisialta, an Fóram Náisiúnta Eacnamafochta agus Sóisialta, pléití faoi comhaontuithe ar chomhpháirtíochtaí náisiúnta, Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaíne.

7. Baineann sé seo le cearta gach duine den tsochaí ar chaigndeán réasúnach maireachtála agus ar chailiúcht réasúnach beatha. Tugtar na cearta sin le coinbhinsíúin de chuid na náisiún Aontaithe agus Chomhairle na hEorpa.

CUSPÓIR 2

An bhearna a chungú idir daoine saibhre agus daoine bochta trí dáileadh acmhainní, seirbhísí agus fostáochta níos cothroime a chur chun cinn i bhfabhar daoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaine.

Bainfear an cuspóir seo amach trí na spriocanna seo a leanas:

Sprioc 7:

Go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht úsáid sásra oiriúnaigh thrédhearcaigh a chur chun cinn, agus tionchar a imirt ar an úsáid sin, a mhéid a bhaineann le rátaí leasa shóisialaigh a mhéadú go sásúil.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- scrúdú a dhéanamh ar shásrai AE agus sásraí eile chun focaíochtaí leasa a mhéadú, agus roghanna a shainaithint agus tacaíocht pholasáí a lorg
- tabhairt isteach sásraí oiriúnacha, in aon chlár comhpháirtíochta nua náisiúnta, a chur chun cinn a mhéid a bhaineann le méadú a dhéanamh ar rátaí leasa shóisialaigh.

Sprioc 8:

Go rachaidh an Ghníomhaireacht i bhfeidhm ar chinntí maidir le céatadán níos airde den OTN⁸ a chaitheamh ar chúrsai sóisialacha, rud a rachaidh chun tairbhe do dhaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaine, agus aird ar leith a thabhairt ar thithíocht agus ar shláinte.

ÁIREOFAR AN MÉID SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- tabhairt faoi stáidéar ar na costais eacnamaíochta agus sóisialta a bhaineann le héagothroime d'fhoíntí eolas a chur ar fáil le haghaidh

diospóireachta polasaí trína sainaithneofar agus trína gcuirfear chun cinn sprioc-chéatadán den OTN a bheidh le leithroinnt ar chaitheamh sóisialach agus cúinsí san Eoraip a chur san áireamh.

Sprioc 9:

Go gcabhróidh an Ghníomhaireacht le straitéis chomhtháite a réiteach i ndáil le córas cánach níos cothroime a fhorbairt.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- athruithe ar an gcóras cánach, ar nós athrú ó chán ar fhostaiocht go cáin ar shaibhreas agus cáin ghlas,⁹ a shainaithint agus a mholadh d'fhoínn córas cánach níos cothroime agus níos nua-aimseartha a chruthú
- cur chun cinn a dhéanamh maidir leis na himpleachtaí polasaí a ghabhann le taighde ar dháileadh éagothrom ioncaim.

Sprioc 10:

Go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht bearta a shainaithint agus a chur chun cinn d'fhoínn méadú a dhéanamh ar pháirteachas na ndaoine sin is mó atá eisiata ón margadh saothair athraitheach, go háirithe daoine atá difhostaithe go fadtéarmach.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- taighde a choimisiúnú chun tuiscint a fheabhsú maidir leis an margadh saothair athraitheach agus maidir leis na grúpaí is mó atá i bpriacal agus, ag an am céanna, impleachtaí polasaí a chur chun cinn ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta araon

- roghanna polasaí a shainaithint agus a chur chun cinn maidir le daoine san aoisghrupa 18 go 21 a bhfuil baol ann ina leith go mbeidh siad difhostaithe go fadtéarmach
- roghanna polasaí a shainaithint agus a chur chun cinn i dtaca le cothabháil margaidh saothair agus ioncaim d'fheirmeoírí ar ioncam íseal
- scrúdú a dhéanamh ar ról an chárta liactha i dtaca le cumas cúnaimh leasa chun athruithe cúinsí a chur ar fáil do theaghlaigh ar ioncam íseal
- eolas an phobail a mhéadú maidir le taithí agus deacrachtaí na dteaghlaich sin a mhaireann ar ioncam íseal.

8. Bainneann sé seo leis an Oll-Táirgeacht Náisiúnta arb é atá ann ná luach iomlán na n-earraí agus na seirbhísí go léir a thárgtear i dtír in aghaidh na bliana.
9. Bainneann sé seo le cáin a thugann spreagadh maidir le caomhnú acmhainní nádúrtha agus laghdú ar thruaillíú.

CUSPÓIR 3

Polasaí poiblí, atá pleanálte agus comhtháite, a bhaint amach i dtaca le bochtaine i measc leanai.

Bainfear an cuspóir seo amach trí na spriocanna seo a leanas:

Sprioc 11:

Go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht spriocanna agus bearta chun laghdú a dhéanamh ar bhochtaine i measc leanai a shainaithint, agus a dtabhairt isteach i SNF, sa Straitéis Náisiúnta Leanai agus in aon chomhaontú compháirtíochta náisiúnta nua a chur chun cinn.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN

SPRIOC SEO:

- iarracht a dhéanamh le gasra oibre a bhunú, agus tacú leis an ngasra sin, ar gasra é a shainaithneoidh spriocanna agus bearta chun dul i ngleic le bochtaine i measc leanai. Is iad na dreamanna a bheidh páirteach ann ná ranna iomchuí, eagrafochtai pobail agus deonacha, tionscadail de chuid Clár Forbartha Pobail, grúpaí ban agus saineolaithe
- spriocanna agus bearta oiriúnacha a chomhaontú agus a chur chun cinn.

Sprioc 12:

Go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht feabhas a chur ar thaighde agus analís a dhéantar chun cabhrú le foirmí polasaí faoi bhochtaine i measc leanai.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN

SPRIOC SEO:

- taighde ar leibhéal reatha bochtaine i measc leanai a fhoilsíú
- sraith táscairí a shainaithint agus a fhorbairt chun tomhas a dhéanamh ar bhochtaine agus leas leanai trí úsáid a bhaint as taithí idirnáisiúnta agus

trí ról a thabhairt don earnáil phobail agus dheonach agus aird ar leith a thabhairt ar leanai atá i mbaol ó bhochtaine

- obair le compháirtithe eile chun suirbhé náisiúnta a chur ar bun maidir le leas leanai
- analís a dhéanamh ar pholasaithe reatha faoi thacaiocht ioncaim leanai agus tionchar a imirt ar chinntí i dtaobh na polasaithe sin a fheabhsú
- feidhmiú de réir forbairti polasaí a éiríonn as grúpa saineolaithe Chompháirtíochta 2000¹⁰ ar leas leanai.

Sprioc 13:

Go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht a Clár Léirithe Míbhuntáiste Oideachasúil¹¹ a chur i gcrích. Beidh cabhair tugtha aici freisin maidir le haistriú agus cur chun cinn a dhéanamh, i measc lucht déanta polasaí agus comhlacthaí polasaí, ar mholtáí polasaí agus ar cheachtanna ag éirí as an gclár agus as obair ghaolmhar ar mhbuntáiste oideachasúil.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN

SPRIOC SEO:

- maoiniú agus tacafacht a thabhairt don Chlár Léirithe, agus measúnú a dhéanamh air, go dtí mí na Nollag 2000 agus cónascadh a dhéanamh le Clár Tacafolta Speisialta AE ADM agus An Ghníomhaireacht do thionscnamh oideachasúil an Chláir maidir le Siocháin agus Athmhuintearas
- tionchar a imirt ar pholasai maidir le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil trí chomhoibriú le tionscnaimh eile
- faireachán agus analís a dhéanamh ar fhorbairt polasaí i réimse an luath-oideachais.

Sprioc 14:

Go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht spéis agus eolas an phobail i gcoitinne a mhéadú i dtaca le cíuseanna agus éifeachtaí na bochtaine i measc leanai.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN

SPRIOC SEO:

- tacú le lónrú¹² eagraiochtaí pobail agus deonacha a bhíonn ag plé le bochtaine i measc leanai
- clár eolais ar bhochtaine leanai a eagrú agus a chothú don phobal i gcoitinne.

10. Is é Compháirtíochta 2000 an comhaontú compháirtíochta náisiúnta láithreach idir an ríaltas, fostóirí, ceardchumainn, comhlacthaí feirmeoireachta agus an earnáil phobail agus dheonach.
11. Clár Léirithe na Gníomhaireachta maidir le Míbhuntáiste Oideachasúil 1996. Déantar iarracht leis léiriú a thabhairt ar bheart comhtháite i leith míbhuntáiste oideachasúil i gceithre límitsear ar fud na tire.

12. Bainneann sé seo le grúpaí éagsúla atá ag obair i gcomhar lena chéile agus ag roinnt eolais d'fhorbairt comhchuspóirí nó cuspóirí comhchosúla a bhaint amach.

CUSPÓIR 4

An deis a chuireann an tsíocháin ar fáil a fhorbairt d'fhonn daonlathas níos cuimsithí a thugann ról do gach duine a thógail ar an oileán seo.

Gheofar acmhainní don chuspóir seo, agus cuirfear i gcrích é, go príomha tríd an bhfoireann atá ar fostú i gcompháirt ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine (GCB) agus ag Area Development Management Limited (ADM) sna contaetha teorann faoi Chlár Tacaíochta Speisialta an AE maidir le Síocháin agus Athmhuintearas. Tá tuilleadh eolais faoi chuspóirí Chlár Síochána agus Athmhuintearais GCB/ADM le fáil ó ofig na Gníomhaireachta i Muineachán.

Bainfear an cuspóir seo amach trí na spriocanna seo a leanas:

Sprioc 15:

Go ndéanfaidh an Gníomhaireacht tionchar a imirt ar institiúidí trasteorann le go ndíreoidh siad ach go háirithe ar bhochtaine agus ar eisiamh sóisialta.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- comhagallamh a chothú idir lucht déanta polasaí, an earnáil phobail agus dheonach agus taighdeoirí i dtaca le nithe a bhaineann le bochtaine agus eisiamh sóisialta
- gnéithe den eisiamh sóisialta agus den bhochtaine a shaináithint agus a chur chun cinn sna hinstiúidí nua trasteorann agus ról a fháil don earnáil phobail agus dheonach ina gcuid oibre.

Sprioc 16:

Go ndéanfaidh an Gníomhaireacht a áirithiú, i gcompháirtiocht le Area Development Management Limited, go leanfar de phrionsabail, de phróiseas agus de dhea-chleachtas Chlár Tacaíochta Speisialta an AE maidir le Síocháin agus Athmhuintearas agus go

ndéanfar forbairt ar na nithe sin agus go dtabharfar ionad suntasach dóibh.

I GCOMPHÁIRTÍOCHT LE ADM, ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- ag obair chun cistí Síochána agus Athmhuintearais an AE a leithroinnt, a chaitheamh agus a mhaorsiú ar shlite ina ndéantar uasmhéadú ar uilechuimsitheacht agus athmhuintearas
- ag obair i gcomhar le gníomhálochtaí reachtúla sna contaetha teorann lena chinntíú go mbeidh tionscadail rathúla a fhaigheann maoiniú faoin gClár Síochána agus Athmhuintearais inchothaithe agus go leanfaidh siad ar aghaidh
- ag obair lena chinntíú go mbeidh gné mhór uilechuimsitheachta sóisialta ag baint leis an gcéad bhabhta eile de Chistí Struchtúrtha AE agus leis an gClár Interreg ach go háirithe¹³
- a chinntíú go dtéann na ceachtanna a foghlaimíodh ón gClár Síochána agus Athmhuintearais ADM/GCB AE, agus óna thionscnaimh straitéisearcha ach go háirithe, i bhfeidhm ar an bpróiseas náisiúnta déanta polasaí
- ag obair le leasanna iomchuí eile chun ciste dearlaice trasteorann a chur ar bun lena ndéanfar obair nuálach i réimse na huilechuimsitheachta agus an athmhuintearais a éascú.

Sprioc 17:

Go ndéanfaidh an Gníomhaireacht tuiscint an phobail i gcoitinne agus tuiscint lucht déanta polasaí ar an mbochtaine agus ar an eisiamh sóisialta sna contaetha teorann a mhéadú.

ÁIREOFAR AN MÉID SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- forbairt a dhéanamh ar thaighde agus ar thionscnaimh eolais phoiblí sna contaetha teorann

agus ról a thabhairt don earnáil phobail agus dheonach sna nithe sin.

Sprioc 18:

Go ndéanfaidh an Gníomhaireacht iarrachtaí lena chinntíú go dtuigtear gurb é atá sa chomhrac i gcoinne bochtaine agus eisiamh sóisialta ná gné riachtanach den phróiseas bunaithe síochána agus cur chun cinn athmhuintearas.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC SEO:

- taighde agus measúnú a dhéanamh
- comhagallamh agus díospóireacht a chur chun cinn faoin na naisc idir bochtaine, eisiamh sóisialta agus síocháin agus athmhuintearas.

13. Tá Clár Interreg an AE ceaptha go sonrach chun comhoibriú trasteorann a chur chun cinn agus a fhorbairt i réigiún teorann den AE.

GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA

Sprioc 19:


Go leanfaidh an Ghniomhaireacht de roinnt
bunbhearta a chur i gcrích trína dtugtar tacaíocht le go
ndéanfar dul chun cinn maidir leis na cuspóirí agus na
spriocanna atá luaithe anseo roimhe seo.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAOIN

SPRIOC SEO:

- leabharlann a chothabháil agus freagraí a thabhairt ar fhiosruithe faoi bhochtaine, eisiamh sóisialta agus forbairt phobail
- clár forbartha curaclaim a chur chun cinn i scoileanna iar-bhunoideachais i réimse na bochtaine agus an eisaimh shóisialta
- iris ráithiúil, *Poverty Today*, aighneacht bhliantúil réamhbhuiséid agus tuarascáil bhliantúil a fhoilsíú
- scéim dheontas a riarradh a thabharfaidh tacaíocht don earnáil phoiblí agus dheonach i leith eolas a chur ar fáil don lucht déanta polasaí faoi mholtai agus cheisteanna a thagann chun cinn mar gheall ar an taithí agus an tuiscint atá acu ón obair a dhéanann siad le grúpaí míbhuntáistiúla i limistéir mhíbhuntáistiúla. Tabharfar tacaíocht faoin Scéim do thaighde, do mheasúnú agus do thionscnamh eolais phoiblí a dhíríonn ar chuspóirí agus ar spriocanna straitéiseacha na Gníomhaireachta sa Phlean Straitéiseach reatha.

AN GHNIOMHAIREACHT A FHORBAIRT



AN GHNÍOMHAIREACHT A FHORBAIRT

Beidh cumas na Gníomhaireachta chun a spriocanna agus a chuspóirí straitéisearcha a bhaint amach ag brath ar bhainistíocht agus fhorbairt éifeachtach éifeachtúil a hacmhainní eagrúcháin, airgeadais, teicniúla agus daonna. Tuigeann an Ghníomhaireacht ach go háirithe an tábhacht a bhaineann lena foireann. Agus aithníonn sí gurb é an fhoireann an acmhainn is tábhachtaí atá aici agus go bhfuil tiomantas, fuinneamh, diograis agus obair chrua na fairne riachtanach i gcomhthéacs rathúlacht na Gníomhaireachta.

Le linn a cuid oibriochtaí agus le linn a cuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach tá an Ghníomhaireacht tiomanta do na pithe seo a leanas:

- a cuid oibleagáidí reachtúla agus reachtaíochta a chomhlíonadh go hiomlán
 - comhairle a ghlacadh go tráthrialta lena cuid scairshealbhóiri i slí oscailte, comhairleach agus thréadhearcach
 - na hacmhainní atá ar fáil a úsáid go héifeachtach go héifeachtúil agus go tiosach
 - seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar.

Cinnteoidh an Ghríomhaireacht go ndéanfar bainistíocht agus forbairt éifeachtach, éifeachtúil ar a hacmhainní eagrúcháin, airgeadais, teicniúla agus daonna trí na spriocanna seo a leanas:

Sprioc 20:

Go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht córais agus nósanna imeachta eifeachtacha a chur i bhfeidhm dtaca le cursaí oibriochta aquis riarracháin.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAIONTAS SPRIOC SEO:

- na polasaithe, na córais agus na nósanna imeachtaí láithreacha a chothabháil agus a fheabhsú
 - a chinntíú go mbaintear úsáid straitéiseach as a cumas teicneolaíochta eolais
 - seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar dá custaiméireann
 - a chinntíú go dtabharfar seirbhísí tacaíochta riarracháin ardchaighdeáin dá foireann.

Sprioc 21:

Go ndéanfaidh an Ghniomhaireacht dul chun cinn maidir lena polasáí Forbartha Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAION

SPRIOC SEO:

- foireann na Gníomhaireachta a fhorbairt
 - a chinntíú go bhfuil timpeallacht oibre ann atá oscailte, comhairleach agus tréadhearcach
 - córais, nósanna imeachta agus taifid oiriúnacha a choimeád ar bun
 - an bonn fairne agus acmhainní a neartú le go bhfeabhsófar tuilleadh a cumas chun a cuid ról reachtúil a chomhlionadh i dtaca le comhairle pholasáí, tacáiocht tionscadal, taighde agus oideachas poiblí.

Sprioc 22:

Go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht éifeachtacht agus éifeachtúlacht a cuid struchtúr a chothabháil agus a fheabhsú.

**ÁIREOFAR AN MÉID SEO A LEANAS FAOIN SPRIOC
SEO:**

- a chinntíú go mbaintear leas éifeachtach as an eolas, as na scileanna agus as an oilteacht atá ag comhalaí an bhoird agus ag saineolaithe seachtracha.

Sprioc 23:

Go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht nósanna imeachta faireacháin agus athbhreithnithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

ÁIREOFAR NA BEARTA SEO A LEANAS FAIONTAS SPRIOC SEO:

- oibriú a cuid struchtúr, córas agus nósannaimeachta a athbhreithniú
 - athbhreithniú agus faireachán rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir lena Plean Straitsíochach a chur i bhfeidhm.

Plean Straitéiseach a chur i bhfeidhm

Goal 21

DEVELOPING THE AGENCY

The Agency's capacity to achieve its strategic goal in its operations and pursuit of its strategic goals is efficient objectives depends on the effective and objective and efficient management and development of its organizational, financial, technical and human resource capacities. In particular the Agency values its resource capacities, particularly its human and financial resources, its technical and financial management and development of its organizational, financial, technical and human resource capacities. The Agency is fully committed to meeting fully its statutory and regulatory obligations and its operations and pursuit of its strategic goals in its operations and pursuit of its strategic goals are its most important asset and their commitment energy, enthusiasm and hard work are essential to the Agency's effectiveness and success.

In its operations and pursuit of its strategic goals the Agency is fully committed to:

- meeting fully its statutory and regulatory obligations
- consulting regularly with its stakeholders operating in an open, consultative and transparent manner
- the effective, efficient and economic use of its resources available to it
- delivering high quality services.

The Agency will ensure the effective, efficient management and development of its organizational, financial, technical and human resource capacities through the following goals:

- The Agency will have implemented effective operational and administrative systems and procedures
- maintaining and improving existing financial policies, systems and procedures
- ensuring the strategic use of its information technology capacity
- providing high quality customer services
- ensuring the delivery of high quality staff.

Actions under this goal will include:

- The Agency will have implemented effective operational and administrative systems and procedures
- maintaining and improving existing financial policies, systems and procedures
- ensuring the strategic use of its information technology capacity
- providing high quality customer services
- ensuring the delivery of high quality staff.